An Roinn Sláinte
Department of Health

An Creat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Measc án Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh in Éirinn

2022

Tuarascáil Deiridh agus Moltaí ón Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Measc án Scileanna Altranais

Oifig an Phríomh-Altra

An Roinn Sláinte
Department of Health

An Creat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh in Éirinn

Tuarascáil Deiridh agus Moltaí ón Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna Altranais

2022

Ábhair

Réamhrá ón Aire Sláinte 4

Réamhrá ó Chathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha 5

Achoimre Fheidhmeach 6

Achoimre ar an gCreat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh Moltaí: 8

Barúil 1 – Tá Riachtanais Chúraim Othar Éagsúil 8

Barúil 2 – Tá Líon Foirne Altraí, Próifíl agus Meascán ríthábhachtach chun Cúram Sábháilte Ardchaighdeáin a Dheimhniú d'Othair 9

Barúil 3 – Bíonn Tionchar ag Timpeallacht na hEagraíochta ar an bhFoireann chun Cúram Othar atá Sábháilte agus Éifeachtach a Sheachadadh 10

Barúil 4 – Is Táscairí Tábhachtacha iad Torthaí Dearfacha Othair agus Foirne maidir le Sábháilteacht agus Cáilíocht Chúraim Altranais 11

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra 12

1.1 An Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna a Fhorbairt 12
1.2 An Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna a leathnú chuig Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh 12
1.3 Réasúnaíocht maidir le Treo Polasaí 13
1.4 Comhthéacs na Creatlaí Forbartha i Suíomhanna Cúraim Éigeandála 14
1.4.1 Suíomhanna Cúraim Éigeandála in Éirinn 14
1.4.2 Éileamh sa Todhchaí ar Sheirbhísí Éigeandála in Éirinn 14
1.4.3 COVID-19 in Éirinn 15
1.5 Cuspóirí Polasaí 15
1.6 Cuspóir an Chreata 15
1.6.1 Amlínte 16

Caibidil 2: Cur Chuige maidir le Forbairt an Chreata 17

2.1 Réamhrá 17
2.2 Bunú an Tascfhórsa 17
2.3 Léirbhreithniú ar an Litríocht 18
2.3.1 Cur Chuige a Mheastar chun Soláthar Foirne Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna a Chinneadh i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh 18
2.3.2 Moltaí ón Athbhreithniú ar an Litríocht agus ó Thástáil Phíolótach na Múnla 19
2.4 Suirbhé Bunlíne RÉ ar an bhFórsa Saothair 19
2.4.1 Príomhthorthaí ón Measúnú Foirne Bunlíne 20
2.4.2 Conclúidí Achoimre ón Suirbhé Bunlíne 21
2.5 Taighde Tionchair Polasaí 21
2.5.1 Cur Chuige i leith Taighde Tionchair Polasaí – Tástáil Phíolótach 21
2.6 Príomhthorthaí 22
2.6.1 Bearta Torthaí Othar 22

2.6.2 Bearta Torthaí Foirne 23
2.6.3 Bearta Torthaí Eagrúcháin 25
2.7 Conclúid 25

Caibidil 3: An Creat 27

3.1 Scóip an Chreata 27
3.2 Boinn tuisceana 27
3.3 Barúil 1 – Tá Riachtanais Chúraim Othar Éagsúil 27
3.3.1 Na Moltaí a Aistriú go Cleachtais 29
3.4 Barúil 2 – Tá Líon Foirne Altraí, Próifíl agus Measc**á**n ríthábhachtach chun Cúram Sábháilte Ardchaighdeáin a Dheimhniú d'Othair 30
3.4.1 Na Moltaí a Aistriú go Cleachtais 31
3.5 Barúil 3 – Tá Tionchar ag Timpeallacht na hEagraíochta ar Fhoireann Altranais chun Cúram Othar atá Sábháilte agus Éifeachtach a Sholáthar 32
3.5.1 Na Moltaí a Aistriú go Cleachtais 34
3.6 Barúil 4 - Is Táscairí Tábhachtacha iad Torthaí Dearfacha Othair agus Foirne maidir le Sábháilteacht agus Cáilíocht Chúraim Altranais 35
3.6.1 Na Moltaí a Aistriú go Cleachtais 36

Caibidil 4: An Riachtanas Foirne a Ríomh 37

4.1 Ranna Éigeandála 37
4.2 An NHpPP á ríomh 37
4.3 Samplaí den Chur Chuige NHpPP 38
4.3.1 Sampla de Ríomh don Ospidéal le níos mó ná 40,000 Léiriú Bliantúil 38
4.4 Soláthar Foirne Altraí le haghaidh Triáiseála a Ríomh 39
4.4.1 Sampla de Ríomh don Ospidéal le níos mó ná 40,000 Léiriú Bliantúil 39
4.4.2 Sampla de Ríomh don Ospidéal le níos lú ná 40,000 Léiriú Bliantúil 40
4.5 Sampla IU 41
4.6 Limistéir Urláir Neamhsceidealta / Ghéarmhíochaine (m.sh., AMAU / ASAU) 41
4.7 Conclúid 42

Cabidil 5: Cur i bhfeidhm an Chreata - Ag Déanamh ina Réaltacht é 43

5.1 An Dearcadh – Lucht Saothair Altranais Bunaithe ar Fhianaise 43
5.2 Eochairbhuntáistí 43
5.3 Príomhriachtanais maidir le Cur i bhFeidhm Rathúil 44

Liosta Tagartha 45

Aguisín 1 Ballraíocht Chéim 2 an Tascfhórsa 48

Réamhrá ón Aire Sláinte

Tá ríméad orm an *Creat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh in Éirinn a fhoilsiú*. Is é príomhchuspóir an chláir seo ná feabhas a chur ar thorthaí othar trí chur chuige córasach, cuimsitheach a fhorbairt agus a neartú chun soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna a chinneadh ar fud suíomhanna cúraim éagsúla.

Cuireann an Creat seo an lucht saothair altranais ar fad i suíomhanna cúraim éigeandála san áireamh, agus fócas á choinneáil ar thorthaí othar, foirne agus eagraíochta a bhaineann le comhcheangal sábháilte foirne altra agus scileanna a bhunú. Is féidir leis a bheith ina thasc deacair an acmhainn altranais cheart a aimsiú ach tá sé ríthábhachtach bogadh ar shiúl ó chur chuige san am atá caite go cur chuige córasach atá bunaithe ar fhianaise.

Thug an Tascfhórsa Náisiúnta an cheannaireacht, an saineolas agus an tuiscint riachtanach ar na castachtaí oibríochtúla a bhaineann le cúram a sholáthar i suíomhanna cúraim éigeandála. Tástáladh moltaí an Chreata i dtrí roinn éigeandála agus aonad díobhála amháin. Bhí an clár taighde a rinne an tOllamh Drennan i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh mar bhonn agus thaca ag tástáil an Chreata, a dheimhnigh go n-oibríonn an cur chuige do na timpeallachtaí casta cúraim seo.

Taispeáin taighde a rinneadh roimh agus le linn na paindéime Covid-19 an tionchar dearfach ar othair agus ar bhaill foirne a oibríonn laistigh de shuíomhanna cúraim éigeandála. De réir mar a athraíonn seirbhísí sláinte i dtreo múnla cúraim chomhtháite, is cinnte go soláthróidh an lúfaireacht a sholáthraítear sa Chreat seo tacaíocht shuntasach d'fhoirne a oibríonn sa réimse seo.

I bhfianaise na dtorthaí dearfacha othar ón taighde seo agus ón *gCreat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn* (An Roinn Sláinte, 2018), tá cur i bhfeidhm náisiúnta fós ina thosaíocht. Bunaíodh Ceannaire Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna chun a dheimhniú go ndéantar comhordú éifeachtach ar fhorfheidhmiú náisiúnta ár n-acmhainní foirne altranais a neartú níos mó agus go leanann torthaí dearfacha othar dá bharr.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt agus i dtástáil an Chreata seo le linn tréimhse nach bhfacthas riamh roimhe mar thoradh ar an bpaindéim. Is teist é don Tascfhórsa; Grúpaí Forfheidhmithe Áitiúla agus an fhoireann sna ceithre shuíomh phíolótacha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Drennan agus a fhoireann i gColáiste na hOllscoile Corcaigh as cáilíocht an taighde a thacaíonn leis an obair seo. Lena chois sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na foirne taighde ó Ollscoil Southampton, Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Teicneolaíochta Sydney. Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt do Rachel Kenna, Príomhoifigeach Altranais, Karen Greene, Leas-Phríomhoifigeach Altranais, Ray Healy, Helen Corrigan agus Gráinne Sheeran, Oifigigh Tionscadal Altranais, agus Rachel Egan, Oifigeach Riaracháin, dá n-éagmais,gan a dtiomantas ní bheadh an Creat seo indéanta.

Stephen Donnelly, TD
An tAire Sláinte

Réamhrá ó Chathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha

Is é príomhsprioc an Tascfhórsa Náisiúnta ar Fhoirniú agus Meascán Scileanna le haghaidh Altranais ná creataí a fhorbairt chun tacú le cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna i raon sainspeisialtachtaí. Tá áthas orm anois an chéad chéim eile sa chlár oibre seo atá ar bun ag an bPríomh-Oifig Altranais, *an Creat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh in Éirinn*, a chur i láthair.

Leanann an brú mórscála a chuirtear ar chórais sláinte, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon, ag tabhairt dúshlán dúinn agus ag tástáil athléimneacht ár seirbhísí. In Éirinn, agus mar atá i dtíortha forbartha eile, tá éileamh ard ar sheirbhísí éigeandála ó othair. Beidh an Creat seo bunúsach chun a dheimhniú go bhfuil dóthain lucht saothair altranais ann chun na riachtanais cúraim neamhsceidealta d'othair in Éirinn a chomhlíonadh nuair a bhíonn sé de dhíth orthu.

Tá forbairt agus cur i bhfeidhm an chur chuige córasach, bunaithe ar fhianaise seo chun an fórsa oibre altranais a theastaíonn i suíomhanna cúram éigeandála a chinneadh bunaithe ar riachtanas othar, ag deimhniú go bhfuil an béim fós ar sholáthar cúram agus torthaí othar den chaighdeán is airde. Beidh lucht saothair altranais atá bunaithe ar riachtanas othar in ann a dheimhniú go bhfaighidh othair cúram ardchaighdeáin sábháilte agus éifeachtach ag gach céim dá dturas.

Tá cur i bhfeidhm Chéim 1 agus 2 den Chreat um Sholáthar Foirne Sábháilte ina chuid inseachadta sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta (2022). Gné chumhachtach de cheapadh polasaí is ea a dheimhniú go n-éiríonn an polasaí feidhmiúil agus go mbaintear amach na torthaí atá beartaithe, go háirithe nuair a d'fhéadfadh na torthaí tionchar dearfach a bheith acu ar othair agus ar an bhfoireann laistigh de na suíomhanna cúraim seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Tascfhórsa, le ballraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó roinnt príomhpháirtithe leasmhara, comhdhéanta de shaineolaithe i suíomhanna cúraim neamhsceidealaithe, polasaí sláinte, taighde agus bainistíocht seirbhísí sláinte. Bhí a gceannaireacht agus a maoirseacht i bhforbairt an Chreata ríthábhachtach. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na geallsealbhóirí go léir a bhí páirteach i dtaighde agus i bhforbairt an Chreata seo. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an bhfoireann sna ceithre shuíomh phíolótacha as a dtoilteanas a bheith rannpháirteach sa taighde seo agus as a saineolas a bhí chomh feiceálach le linn an chláir phíolótaigh.

Léiríonn na moltaí atá leagtha amach sa Chreat athrú suntasach ar an slí a gcinntear acmhainní foirne altranais faoi láthair i suíomhanna cúram éigeandála. Mar sin féin, éileoidh sé seo ar ospidéil agus ar ghrúpaí ospidéil gealltanas a thabhairt do phlean struchtúrtha, agus a bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm an Chreata seo. Tá lúcháir orm a rá go bhfuil an ghairm altranais in ann plean láidir forfheidhmithe a sheachadadh thar réimsí tosaíochta seirbhíse.

Táim ag tnúth le rannpháirtíocht leanúnach leis an gCeannas Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna laistigh den FSS ar feadh chur i bhfeidhm náisiúnta an Chreata chomh maith le maoirseacht agus measúnú leanúnach ar an tionchar ar chúram othar. Lena chois sin, táim ag tnúth le hobair leanúnach lenár gcomhghleacaithe san OMSD agus le Príomh-Stiúrthóirí Altranais agus Cnáimhseachais ag leibhéal an ghrúpa ospidéil, chun cur i bhfeidhm tráthúil an Chreata a dheimhniú, agus muid ag leanúint ar aghaidh ag déanamh ár ndícheall chun sármhaitheas a bhaint amach, agus cúram othar sábháilte, éifeachtúil ar ardchaighdeán ar fud na suíomhanna cúraim go léir.

Ms Rachel Kenna
Príomhoifigeach Altranais
Cathaoirleach an Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna le haghaidh Altranais

Achoimre Fheidhmeach

I mí Aibreáin 2014, cheadaigh an tAire Sláinte a bhí ann ag an am, an Dr James Reilly TD, bunú Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna Altranais. Chuir an Tascfhórsa tús lena chuid oibre i Meán Fómhair 2014 agus tá tacaíocht á fháil aige i gcónaí ó gach Aire Sláinte i ndiadh a chéile; Leo Varadkar, Simon Harris agus Stephen Donnelly. Is é príomhsprioc an Tascfhórsa creat a fhorbairt chun tacú le cinneadh a dhéanamh ar fhoireann altra sábháilte agus meascán scileanna ina dtagraíonn foireann altra don fhoireann altranais lena n-áirítear róil na n-altraí cláraithe (AC) agus na cúntóirí cúram sláinte (CCS) ar fud suíomhanna cliniciúla éagsúla.

Ag eascairt as iarrachtaí chun cur chuige córasach a thabhairt isteach maidir le leibhéil foirne altranais atá sábháilte agus cuí a chinneadh i gcóras cúram sláinte na hÉireann, nuair is minic a bhí riachtanais stairiúla agus saincheisteanna oidhreachta ina bpríomhchinntithigh i gcinntí foirne, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte doiciméad polasaí dar teideal: *Creat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn*(An Roinn Sláinte, 2018). Bunaithe ar an taighde a rinne foireann taighde ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, leagadh amach sa pholasaí seo roinnt moltaí a dhírigh ar an gcuspóir a dheimniú go mbeadh soláthar foirne na mbardaí leighis agus máinliachta d'othair chónaithe sábháilte agus éifeachtach.

I leanúint leis an gcur chuige seo bunaithe ar fhianaise, leathnaigh an Roinn Sláinte an múnla chun creat a fhorbairt do shuíomhanna cúraim éigeandála; mar sin féin, foilsíodh dréachtdoiciméad dar teideal: *Píolótach chun an Creat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála a Chur i bhFeidhm*(An Roinn Sláinte, 2018). Thug an doiciméad seo breac-chuntas ar roinnt moltaí chun soláthar foirne sábháilte a dheimhniú i suíomhanna cúram éigeandála. I measc na moltaí seo bhí cur chuige córasach a thabhairt isteach chun leibhéil foirne a chinneadh, coigeartú an mheascáin scileanna chun a dheimhniú go raibh cúram seachadta ag 85% AC agus 15% CCS, Bainisteoir Altra Cliniciúil (BAC 2) ról 100% maoirseachta.

Aithníodh ceithre shuíomh píolótacha chun an Creat a thástáil le múnla athchóirithe chun foireann altranais shábháilte agus meascán scileanna a chinneadh do na suíomhanna cúram éigeandála, lena n-áirítear trí Roinn Éigeandála (RÉ) agus Aonad Díobhálacha amháin (AD). Soláthraíonn an tuarascáil deiridh seo forbhreathnú ar an gcur chuige maidir le forbairt agus tástáil an *Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála agus* leagann sé amach an phríomhfhaisnéis chun seirbhísí a threorú maidir le conas foireann altra sábháilte agus meascán scileanna a chinneadh i suíomhanna cúram éigeandála.

Ba iad cuspóirí an Tascfhórsa ná:

- Creat raon foirne (AC agus CCS) agus meascán scileanna a fhorbairt a bhaineann le suíomhanna cúraim éigeandála in ospidéil ghéarmhíochaine aosach bunaithe ar an bhfianaise idirnáisiúnta is fearr atá ar fáil,
- Leag amach go soiléir na boinn tuisceana ar a gcinntear na raonta foirne agus meascán scileanna,
- Moltaí a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an chreata lena n-áirítear an t-oideachas, an oiliúint agus an treoir riachtanach, agus
- tuarascáil scríofa a thíolacadh don Aire Sláinte.

Ar an mbonn sin, déantar an méid seo a leanas sa tuarascáil deiridh:

- Soláthraíonn sí forbhreathnú ar na cuir chuige a glacadh chun an creat a fhorbairt, lena n-áirítear príomhthorthaí agus moltaí achoimre ó fhianaise agus rannpháirtíocht,
- Soláthraíonn sí forbhreathnú ar an gcur chuige chun comhpháirteanna an Chreata a thástáil, agus
- Imlíníonn sí comhpháirteanna an Chreata, lena n-áirítear treoir céim ar chéim chun an bhunaíocht foirne i suíomhanna cúram éigeandála a ríomh.

Príomhthorthaí

Tar éis coigeartú a dhéanamh ar an acmhainn altranais sna ceithre shuíomh phíolótacha, rinne an fhoireann taighde an tionchar a thomhas ar thrí bheart toraidh; torthaí othar, torthaí foirne agus iad siúd a bhaineann leis an eagraíocht.

Le linn an treoirthionscadail, ba é an príomhthionchar ar othair tar éis tabhairt isteach an Chreata ná:

- Laghdú foriomlán ar an am triáiseála d'othair ó 0.31 go 0.20 uair ar an meán (laghdú 35%).
- Tháinig laghdú iomlán 52.3% ar líon na n-othar a d'fhág gan féachaint orthu.
- Tháinig laghdú ó 1.74 uair go 1.43 uair (laghdú 17%) ar mheán-am feithimh na n-othar a bhí ag fanacht le feiceáil ag déantóir cinntí.
- Tháinig laghdú ó 1.41 uair go dtí 0.80 uair (laghdú 43%) ar an am ón triáiseála go dtí a bheith le feiceáil ag déantóir cinntí.
- Tháinig laghdú ar an meán-am cúraim RÉ thar na trí shuíomh phíolótacha ó 5.14 uair roimh thabhairt isteach an Chreata go 4.90 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata, is laghdú céatadánach foriomlán é seo de 4.6%.

Mar thoradh ar na suíomhanna phíolótacha, bhí torthaí dearfacha don fhoireann a bhí ag obair i suíomhanna cúraim éigeandála freisin.

- Tháinig laghdú ar an gcóimheas altra le hothar in aghaidh an tseala.
- Tháinig laghdú ar chomhréir na foirne Altranais RÉ a thuairiscigh gur chaill siad sos béile ar a seala deiridh.
- Tháinig méadú ar shástacht foriomlán poist.
- Thuairiscigh altraí RÉ méadú ar shástacht iomlán poist.
- Mhéadaigh céatadán na foirne altranais RÉ a chuir síos ar an gcúram altranais a soláthraíodh go maith nó go sármhaith go 66% ó 52% ag an mbunlíne.

Tá achoimre ar na príomh-mholtaí ar fáil ar an taobh eile den leathanach.

Is tosaíocht é cur i bhfeidhm an Chreata seo agus déanfaidh an Ceannasaí Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna i FSS maoirsiú air. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcaithfear cur i bhfeidhm a bhreithniú i gcomhthéacs na riachtanas foirne d'othair a fhaigheann cúram éigeandála agus na n-othar sin a bhfuil a gcúram éigeandála críochnaithe agus atá ag fanacht ar ligean isteach i mbarda má bhíonn an saincheist seo ann.

Achoimre ar an gCreat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh Moltaí:

Arna fhorbairt ón bhfianaise agus ón taighde ar thionchar polasaí, déanann na ceithre phríomhbharúlacha ón *gCreat um Fhoireann Altra Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Mhíochaine agus Mháinliachta Ghinearálta agus Speisialaithe*, cur síos ar na boinn tuisceana atá mar bhonn agus thaca na príomhghnéithe a úsáidtear chun foireann altra sábháilte agus meascán scileanna a chinneadh i suíomhanna cúraim éigeandála d'aosaigh. Leagtar amach iad seo i Léaráid 1.



Fíor 1 - Barúlacha an Chreat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna

Barúil 1 – Tá Riachtanais Chúraim Othar Éagsúil

Uimhir	Moladh
1	Moltar cur chuige córasach, triantánaithe bunaithe ar fhianaise chun soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna bunaithe ar riachtanas othar a chur i bhfeidhm go náisiúnta i suíomhanna cúraim éigeandála.
2	Moltar go dtabharfaí tacaíocht do chur i bhfeidhm na múnla bunaithe ar fhianaise chun an líon foirne altra a theastaíonn a chinneadh trí shonraí a bhailítear go rialta i suíomhanna cúraim éigeandála. Áiríonn na sonraí seo líon na léirithe othar de réir catagóire triáiseála chomh maith le táscairí toraidh othar.
3	Moltar go gcinnteofaí líon na AC a leithdháiltear ar thriáiseáil san RÉ de réir líon na léirithe othar. Ba cheart go mbeadh íosmhéid de dhá AC leithdháilte ar thriáiseáil in aghaidh an tseolta an t-am ar fad ag Ranna a bhfuil na léirithe bliantúil acu níos mó ná 40,000. Ba cheart go mbeadh íosmhéid de AC amháin leithdháilte ar thriáiseáil in aghaidh an tseolta an t-am ar fad ag Ranna a bhfuil na léirithe bliantúil acu níos lú ná 40,000. Ní mór breithiúnas gairmiúil na foirne bainistíochta altranais sinsearaí a chur san áireamh i gcónaí agus measúnú á dhéanamh ar sholáthar foirne le haghaidh triáiseála.
4	Is é an t-íosmhinicíocht a mholtar le hathmheasúnú a dhéanamh ar riachtanais foirne altraí in RÉanna ná ag eatraimh sé mhí in aghaidh na bliana ag úsáid sonraí othar a bhailítear go rialta chun éagsúlacht séasúrach a aithint. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tomhais níos minice, mar shampla, má bhíonn athrú / athdhearadh ar an tseirbhís.

Barúil 2 – Tá Líon Foirne Altraí, Próifíl agus Meascán ríthábhachtach chun Cúram Sábháilte Ardchaighdeáin a Dheimhniú d'Othair

Uimhir	Moladh
5	Moltar gurb é an cóimheas meascáin scileanna AC: CCS do RÉanna ná 85:15 nuair a bhíonn leibhéal sábháilte foirne altra ann.
6	Moltar go gcaithfear breithiúnas gairmiúil na foirne bainistíochta altranais sinsearaí a chur san áireamh i gcónaí agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais foirne. Ba cheart go gcuirfeadh breithiúnas gairmiúil timpeallacht fhisiciúil na roinne agus na seirbhísí gaolmhara san áireamh freisin.
7	Moltar go dtacódh eagraíochtaí le ceannaireacht agus forbairt ghairmiúil ar gach grád de BACanna i suíomhanna cúraim éigeandála neamhsceidealta (BAC 1, BAC 2 agus BAC 3).
8	Moltar go mbeadh rochtain ag an bhfoireann ar shaineolas Éascaitheora Scileanna Cliniciúla i suíomhanna cúraim éigeandála neamhsceidealta mar go n-aithnítear go bhfuil na róil seo ríthábhachtach chun inniúlachtaí na n-altraí atá ag tabhairt aire d'othair chúraim éigeandála a chothabháil agus go gcuirfidh siad go mór le cumas na roinne maoirseacht a dhéanamh ar riachtanais ionduchtúcháin, oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnaí na foirne.
9	Moltar go dtabharfaí tacaíocht do ACanna i suíomhanna cúraim éigeandála neamhsceidealta chun na cumais agus na hinniúlachtaí a bhaint amach mar atá leagtha amach i gconradh feabhsaithe altra.
10	Moltar go gcuirfí clár ionduchtaithe struchtúrtha ar fáil don fhoireann a thosaíonn i suíomhanna cúraim éigeandála, lena n-áirítear céimithe, agus go dtabharfaí deis dóibh tabhairt faoi bhunchlár ábhartha Leibhéal 8 chun an lucht saothair altranais éigeandála a fhorbairt sa todhchaí.
11	Moltar go mbeadh rochtain ag ACanna i suíomhanna cúraim éigeandála neamhsceidealaithe ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha, ar dhioplóma iarchéime agus ar oideachas máistreachta chun forbairt an fhórsa saothair agus pleanáil comharbais do róil chliniciúla, ceannaireachta, bainistíochta, speisialtóireachta agus ardchleachtais amach anseo a éascú.
12	Mar a mholtar san *Athbhreithniú ar Ról agus Feidhm an Chúntóra Cúraim Sláinte* (FSS, 2018),[1] beidh QQI Leibhéal 5 mar íoscháilíocht ag gach CCS a oibríonn i suíomhanna cúraim éigeandála nó cuirfear bealach tacaíochta ar fáil dóibh chun an cháilíocht seo a bhaint amach.
13	Moltar go mbeadh ar a laghad CCS 24/7 amháin ag gach suíomh cúraim éigeandála, agus go gcaithfear é seo a chur san áireamh agus an meascán scileanna molta á chur i bhfeidhm.

[1] Féach ar https://www.hse.ie/eng/staff/resources/hrstrategiesreports/health-care-assistant-review-final-report-2018.pdf

Barúil 4 - Is Táscairí Tábhachtacha iad Torthaí Dearfacha Othair agus Foirne maidir le Sábháilteacht agus Cáilíocht Chúraim Altranais

Uimhir	Moltaí
14	Moltar, mar atá leagtha amach sa chomhaontú 2016 ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC)[2], sa chás go bhfuil an tsaincheist ann, go gcuirfí foireann ar leithligh ó othair a fhaigheann cúram éigeandála ar fáil d'othair a bhfuil a gcúram éigeandála críochnaithe agus a fhanann san RÉ agus iad ag fanacht le ligean isteach i mbarda. Ba cheart go mbeadh an múnla foirne don chohórt othar seo bunaithe ar Chomhaontú an WRC agus ar an *gCreat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Ginearálta agus Sainchúraim Leighis agus Máinliachta in Ospidéil d'Aosaigh na hÉireann* (An Roinn Sláinte, 2018).
15	Moltar go n-aithneodh uainchláir foirne altra san RÉ go soiléir an fhoireann AC agus CCS a leithdháiltear chun cúram éigeandála a sholáthar, chomh maith leis na baill foirne sin a leithdháiltear chun cúram a sholáthar d'othair a bhfuil a gcúram éigeandála críochnaithe agus atá ag fanacht ar ligean isteach i mbarda má bhíonn an saincheist seo ann.
16	Moltar go ndéanfaí na próisis earcaíochta a chuíchóiriú chun earcaíocht thráthúil a sheachadadh chun bearnaí in athchur foirne i suíomhanna cúraim éigeandála a sheachaint.
17	Moltar 100% de ról BAC 2 a bheith i gcumas mhaoirseachta nuair a bhíonn siad i bhfeidhm mar cheannaire seala sa RÉ. Aithníonn sé seo an gá atá le cinntiú go bhfuil an cheannaireacht shinsearach i bhfeidhm an t-am ar fad.
18	Moltar go mbunóidh gach ospidéal ina gcuirtear an *Creat um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh*i bhfeidhm, Grúpa Forfheidhmithe Áitiúil (LIG) a chuimsíonn ionadaíocht chomhoibríoch ó altranas, airgeadas, acmhainní daonna, TF, cáilíocht agus sábháilteacht agus ionadaíocht ó oifig an Cheannasaí Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna i FSS.
19	Moltar go mbeadh an Stiúrthóir Altranais ina chathaoirleach ar an LIG agus go rachaidh sé/sí i gcomhairle leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ag leibhéal an ospidéil agus leis an bPríomh-Stiúrthóir Altranais ag leibhéal an Ghrúpa Ospidéil.
20	Moltar, i gcás ina mbunófar Comhordaitheoirí Sábháilte Foirne Altraí, go n-áireofaí leo suíomhanna cúraim éigeandála chun tacú le córais rialachais agus mhaoirseachta atá ann faoi láthair de réir an pholasaí um fhoireann altranais shábháilte.
21	Moltar don Stiúrthóir Altranais, mar Chathaoirleach ar an LIG, bunaithe ar an gcur chuige atá bunaithe ar fhianaise a mholtar, na ceanglais maidir le foireann altranais shábháilte agus meascán scileanna a mholadh d'Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an Ospidéil. Ba cheart don LIG na moltaí seo a fhíorú i gcomhar leis an gCeannas Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna.

[2] https://www.hse.ie/eng/staff/resources/hr-circulars/hrcircular0072016.html

Barúil 4 - Is Táscairí Tábhachtacha iad Torthaí Dearfacha Othair agus Foirne maidir le Sábháilteacht agus Cáilíocht Chúraim Altranais

Uimhir	Moltaí
22	Moltar leanúint leis an taighde leanúnach sna suíomhanna cúraim éigeandála. Éascóidh sé seo tacaíocht sa todhchaí do chur chuige fadaimseartha atá bunaithe ar fhianaise i leith polasaí maidir le foireann altra sábháilte agus measc**á**n scileanna mar fhreagra ar athruithe ar shláinte an daonra.
23	Moltar go gcuirfí socruithe cúraim éigeandála agus meicníochtaí ar fud na heagraíochta i bhfeidhm chun tomhas agus monatóireacht a dhéanamh, ar a laghad, ar thorthaí a bhailítear go rialta a bhaineann le foireann altraí i RÉanna lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, othair ag imeacht gan a bheith le feiceáil, am triáiseála, am le freastal, am cúraim RÉ agus eispéiris othair agus foirne. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar na torthaí seo a ionchorprú i gcórais TF ag leibhéal an RÉ, dá mbeadh na córais seo ar fáil.
24	Moltar go mbaileodh LIGanna sonraí ábhartha othar, baill foirne agus torthaí eagraíochtúla chun fianaise fadaimseartha a sholáthar chun tacú le Stiúrthóirí Altranais agus le Príomhstiúrthóirí Altranais tacú le rialachas agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar *an Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Measc**á**n Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh.*

Caibidil 1:
Réamhrá agus Cúlra

Cuireann an chaibidil seo i láthair cúlra, comhthéacs agus cuspóirí an Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna Altranais. Áirítear leis seo na próisis as ar tháinig forbairt an Chreata mar aon le cuspóir an Chreata.

1.1 An Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna a Fhorbairt

I mí Aibreáin 2014, cheadaigh an tAire Sláinte a bhí ann ag an am, an Dr James Reilly TD, bunú Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna Altranais. Chuir an Tascfhórsa tús lena chuid oibre i Meán Fómhair 2014 agus tá tacaíocht á fháil aige i gcónaí ó gach Aire Sláinte i ndiadh a chéile; Leo Varadkar TD, Simon Harris TD agus Stephen Donnelly TD. Is é príomhsprioc an Tascfhórsa ná creataí a fhorbairt chun tacú le cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna, ina dtagraíonn foireann altraí don fhoireann altranais lena n-áirítear róil AC agus CCS i raon sainspeisialtachtaí.

Tá cinneadh na leibhéal sábháilte agus cuí foirne altra agus meascán scileanna i gcóras cúram sláinte na hÉireann de ghnáth roimh obair an Tascfhórsa bunaithe ar riachtanas stairiúil agus breithiúnas gairmiúil seachas a bheith bunaithe ar chur chuige struchtúrach córasach. Chun aghaidh a thabhairt air seo, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte doiciméad polasaí dar teideal: *Creat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn (Céim 1)* (An Roinn Sláinte, 2018). Thug an tuarascáil seo breac-chuntas ar roinnt moltaí a bhaineann le leibhéil foirne i suíomhanna leighis, máinliachta agus speisialtóireachta in ospidéil ghéarmhíochaine chun seachadadh cúraim atá sábháilte agus éifeachtach a dheimhniú. Tar éis an fhoilsithe seo, cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Socruithe Ginearálta agus Speisialaithe Cúraim Mhíochaine agus Mháinliachta (Céim 1) ag FSS i roinnt ospidéal Múnla 4 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ar bhonn céimnithe ar fud an chórais sláinte.

Bhí bunú agus obair an Tascfhórsa bunaithe ar roinnt tuarascálacha idirnáisiúnta, staidéar taighde agus fiosrúchán poiblí a léirigh go soiléir an gaol idir leibhéil shábháilte foirne altraí agus torthaí othar. (Ball agus Catton 2011; Fiosrúchán 'Mid Staffordshire NHS Foundation Trust' faoi chathaoirleacht Robert Francis QC 2010; Léirmheas Keogh 2013; Léirmheas Cavendish 2013; Tuairisc Berwick; Aiken *et al* 2014, Kane *et al 2007*, Griffiths *et al* 2014). Tá cur chun cinn creataí le haghaidh foireann altra sábháilte in Éirinn leagtha amach i roinnt comhaontuithe polasaí agus caidrimh thionsclaíoch. Mar shampla, cuimsíonn na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr*(HIQA 2012a) Caighdeán 6 – Fórsa Saothair, a leagann amach an gá atá le riachtanais fórsa saothair a chinneadh chun cúram agus tacaíocht ardchaighdeáin inbhuanaithe a sholáthar. Chomh maith leis sin, i gComhaontú na Cúirte Oibreachais ó 2019 (LCR 21900) a bhaineann le hearcú agus coinneáil altraí béim ar an tiomantas do chur chun cinn cur i bhfeidhm an Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí mar riachtanas chun cobhsaíocht lucht saothair altranais a bhaint amach agus torthaí othar a fheabhsú.

1.2 An Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna a leathnú chuig Socruithe Cúraim Éigeandála d'Aosaigh

Tar éis forbairt agus foilsiú *An Creat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn (Céim 1)*(An Roinn Sláinte, 2018), leathnaigh an Roinn Sláinte obair an Tascfhórsa agus d'fhorbair sí doiciméad dar

teideal: *Tionscnamh Píolótach chun an Creat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh (Céim 2)* (An Roinn Sláinte, 2018) a Chur i bhFeidhm, dá dtagraítear as seo amach mar an Creat. D'fhorbair baill den Tascfhórsa ar Fhoirniú agus Meascán Scileanna d'Altranas i Suíomhanna Cúraim Éigeandála an Creat seo (féach ar Aguisín I don bhallraíocht) agus cuireadh i bhfeidhm é agus tástáladh é i dtrí RÉ agus in IU amháin. Thug an Creat breac-chuntas ar na príomhbharúlacha a bhí mar bhonn eolais do thástáil agus d'fhorbairt an Chreata sa doiciméad seo. Cuimsítear leis seo:

1) Cur chuige córasach a shainaithint agus a thástáil chun leibhéil foirne i suíomhanna cúraim éigeandála a chinneadh,
2) Seachadadh cúraim ag 85% AC agus 15% gráid CCS, agus
3) go mbeidh an ról BAC 100% maoirseachta in aghaidh an tseala.

Lena chois sin, mhol an Creat freisin go n-aithneofaí agus go n-úsáidfí sonraí a bhailítear i suíomhanna cúraim éigeandála chun cinntí a dhéanamh maidir le soláthar foirne agus meascán scileanna.

Tar éis bhunú Tascfhórsa ar Fhoireann Altra Sábháilte agus Meascán Scileanna do Shuíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh, socraíodh scóip agus sainchúram fhorbairt an Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh (Céim 2). Ba é cinneadh an Tascfhórsa go n-áireofaí i gCéim 2 RÉanna agus IUanna aosach ar na cúiseanna seo a leanas amháin:

- Is réimse cúraim fhisiciúil atá sainithe go soiléir é le mionteagasc polasaí d'aon ghnó.
- Infhaighteacht an fhianaise idirnáisiúnta ar thorthaí na foirne, na n-othar agus an eagraíocht a bhfuil tionchar acu ar sholáthar cúraim.
- In ainneoin go bhfuil na cláir náisiúnta cúraim chliniciúil forbartha ag múnlaí náisiúnta cúraim do shuíomhanna urláir ghéarmhíochaine, ní raibh go leor aonad ag feidhmiú de réir an mhúnla chúraim ar chúiseanna éagsúla ag an am a bhí an tuarascáil seo á forbairt.

Tá an Creat a chuirtear i láthair sa doiciméad seo bunaithe ar thaighde agus ar obair an Tascfhórsa a thug treoir dá fhorbairt. Cé nach bhfuil sé laistigh de raon feidhme an taighde atá mar thaca ag an gCreat, leagtar amach treoir a bhaineann le suíomhanna cúraim neamhsceidealaithe / géarchúraim eile, cosúil leis an Aonaid Mheasúnaithe Géarmhíochaine (AMAU) agus Aonaid Mháinliachta Ghéarmhíochaine (ASAU) in ailt 4.6. Tá an treoir seo bunaithe ar an taighde atá leagtha amach sa doiciméad seo a thacaíonn le forbairt an Chreata do shuíomhanna cúraim éigeandála chomh maith leis *an gCreat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn (Céim 1)*(An Roinn Sláinte, 2018) agus *An treoir a shocrú: Creat Forbartha a thacaíonn le Scileanna agus Inniúlachtaí Cleachtais Altranais in Aonaid Mheasúnaithe Géarmhíochaine (AMAUanna) agus Aonaid Mheasúnaithe Míochaine (MAUanna)*(FSS, 2016).

1.3 Réasúnaíocht maidir le Treo Polasaí

Tá an lucht saothair altranais agus cnáimhseachais ríthábhachtach chun cúram othar sábháilte agus éifeachtach a sholáthar. Sonraítear le cur chuige sábháilte maidir le foireann altraí nach mór go mbeadh líon imleor altraí ar fáil chun freastal ar riachtanais othar, go mbeidh na scileanna riachtanacha acu agus go n-eagraítear iad le cur ar a gcumas an leibhéal is airde cúraim is féidir a sholáthar.

Tá sé léirithe ag taighde le 20 bliain anuas go bhféadfadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag foireann altraí ar thorthaí othar mar gur thuairiscigh roinnt staidéar go bhfuil baint ag leibhéil ísle foirne altra le torthaí díobhálacha othar, foirne agus eagraíochta. (Aiken *et al*. 2002; Kane *et al*., 2007; Needleman 2011; Griffiths *et al*. 2014). Lena chois sin, scrúdaigh athbhreithnithe córasacha an gaol idir meascán scileanna[3] agus torthaí othar agus shainaithin siad go bhfuil torthaí othar níos fearr i suíomhanna cliniciúla ina bhfuil cion níos airde de chúram á seachadadh ag ACanna (Kane *et al*. 2007; Griffiths *et al*. 2015, Simon *et al*. 2015). D'aithin athbhreithnithe fianaise a rinneadh don Institiúid Náisiúnta um Shármhaitheas Sláinte agus Cúraim sa RA (NICE) (Griffiths *et al*. 2015; Simon *et al*. 2015) go bhfuil baint ag rátaí foirne níos airde le rátaí níos ísle básmhaireachta, teip tarrthála, titimí, fad fanachta agus rátaí athiontráil. D'aithin athbhreithnithe NICE freisin go bhfuil baint ag leibhéil foirne níos ísle le rátaí níos airde d'earráidí riartha drugaí agus imeachtaí cúraim a fágadh gan déanamh nó cúram altranais a cailleadh.

[3] Sainmhínítear meascán scileanna mar choibhneas an chúraim a sholáthraíonn altraí cláraithe i gcomparáid le gráid eile a sholáthraíonn cúram altranais.

1.4 Comhthéacs na Creatlaí Forbartha i Suíomhanna Cúraim Éigeandála

1.4.1 Suíomhanna Cúraim Éigeandála in Éirinn

Ar scála náisiúnta, tá 29 RÉ agus 11 IU ar fud 6 Ghrúpa Ospidéil ag seachadadh cúram éigeandála neamhsceidealta do dhaoine fásta. Soláthraíonn RÉanna cúram 24/7 agus tá siad lonnaithe laistigh de shuíomh ospidéil ghéarmhíochaine. Cuireann IUanna cóireáil ar fáil d'othair a bhfuil riochtaí orthu nach dócha go mbeidh gá leo san ospidéal agus is féidir iad a lonnú in ospidéal nó laistigh de shuíomh pobail.

In Éirinn, agus mar atá i dtíortha forbartha eile, tá éileamh ard ar na seirbhísí éigeandála seo ag othair. Roimh phaindéim COVID-19, bhí 1,506,343 léiriú RÉ ó Eanáir 2019 go Nollaig 2019, is méadú 2.6% é seo ar an mbliain roimhe sin (FSS, 2019). Seasann daoine san aoisghrúpa 65 agus níos sine do chomhréir mhéadaitheach de scaoileadh amach RÉ gach bliain, ag ardú ó 36.5% de scaoileadh amach in 2012 go 41.3% in 2018 (An Roinn Sláinte, 2019). Cé gur aithníodh go raibh méadú bliain ar bhliain ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an RÉ roimh phaindéim COVID-19, bhí tionchar suntasach ag teacht na paindéime COVID-19 in 2020 ar líon, cineál agus patrún na láithreoireachtaí RÉ. Mar thoradh ar an bpaindéim, thit freastail RÉ go 1,278, 283 in 2020, laghdú 15.14% ar 2019 agus faoi bhun na gníomhaíochta réamh-mheasta de 1,547,713 freastal (FSS 2020). Bhí an laghdú seo ar fhreastal ar RÉ le feiceáil freisin i dtréimhsí ama áirithe in 2021, go háirithe le linn tréimhsí dianghlasála ina raibh laghdú idir 10% agus 25% ar ghníomhaíocht RÉ (FSS 2021). Mar sin féin, agus an tír ag éirí as srianta COVID-19, tháinig gníomhaíocht RÉ ar ais, agus i gcásanna áirithe, sháraigh sí an ghníomhaíocht roimh an bpaindéim.

Tá roinnt dúshlán ag baint le RÉanna in Éirinn, mar atá i dtíortha eile, lena n-áirítear méadú ar thinrimh, plódú, amanna fada feithimh agus céatadán ard othar ag fanacht san RÉ chun ligean isteach san ospidéal. Saincheist ar leith is ea líon mór othar ar thralaithe[4] atá ag fanacht ar ligean isteach in RÉanna ar fud na hÉireann agus cruthaíonn sé seo dúshláin maidir le leibhéil foirne altraí a aithint d'othair a bhfuil cúram éigeandála de dhíth orthu agus dóibh siúd atá fós sa RÉ a bhfuil a gcúram éigeandála críochnaithe ach atá ag fanacht ar ligean isteach.

Foilsíodh roinnt príomhthuarascálacha in Éirinn a rinne moltaí a bhaineann leis an bhfórsa saothair altranais i suíomhanna cúram éigeandála. I *gCreat Pleanála Fórsa Saothair Altranais na Roinne Éigeandála*(FSS, OMSD 2016) leagadh amach príomhtháscairí nach mór a chur san áireamh agus pleanáil fórsa oibre altraí á gcinneadh san RÉ, lena n-áirítear an t-éileamh ar chúram, tréithe oibríochtúla an tsocraithe éigeandála, cumas agus cumas an lucht saothair agus torthaí altranais. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa doiciméad, *Próifílí Róil don Fhoireann Altranais i Suíomhanna Cúraim Éigeandála in Éirinn* (FSS/ONMSD 2018) na róil atá ag gach grád altranais lena n-áirítear Altra Foirne, Ceannaire Shift, Éascaitheoir Cliniciúil, Altra Idirchaidrimh le Cleachtadh Ginearálta agus Bainisteoirí Altraí agus tugann sé forbhreathnú cuimsitheach ar na róil maidir le hinniúlachtaí a theastaíonn i suíomhanna RÉ.

Maidir le ADanna, leagtar amach sa *Doiciméad Treorach maidir le Soláthar Foirne d'Aonaid Díobhálacha*(FSS/ONMSD 2019) roinnt gnéithe nach mór a chur san áireamh agus leibhéil foirne á gcinneadh do na suíomhanna seo.

Bhí na tuarascálacha a dtugtar breac-chuntas orthu thuas, i gcomhar le hobair an Tascfhórsa agus athbhreithniú ar an litríocht agus ar an taighde ar thionchar polasaí, ríthábhachtach maidir le heolas a thabhairt do na moltaí atá leagtha amach sa Chreat seo.

1.4.2 Éileamh sa Todhchaí ar Sheirbhísí Éigeandála in Éirinn

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú idir 16% agus 26% ar ghníomhaíocht sna RÉ go dtí 2030. (Wren *et al*. 2017). Féadfaidh an t-éileamh méadaithe seo dúshláin iomadúla a chruthú do na seirbhísí éigeandála lena n-áirítear ceist an phlódaithe, an bhonneagair agus a dheimhniú go bhfuil lucht saothair dea-acmhainní ann chun cúram práinneach agus éigeandála a sholáthar. Teastaíonn forbairt agus cur i bhfeidhm cur chuige córasach agus bunaithe ar fhianaise, leis an bhfás réamh-mheasta seo ar éileamh thar na deich mbliana atá romhainn chun an fórsa saothair altranais a theastaíonn i suíomhanna cúram éigeandála atá bunaithe ar riachtanais othar a chinneadh. Beidh lucht saothair altranais atá bunaithe ar riachtanas othar in ann a dheimhniú go bhfaighidh othair cúram ardchaighdeáin, sábháilte agus éifeachtach ar gach céim dá bpróiseas trí shuíomhanna cúraim éigeandála.

[4] Is é TrolleyGAR an córas FSS a dhéanann monatóireacht laethúil ar líon na n-othar ar thralaithe san RÉ atá ag feitheamh le ligean isteach ar leaba othar cónaitheach. (féach ar http://137.191.241.85/ed/).

1.4.3 COVID-19 in Éirinn

Mar thoradh ar ráig SARS-COV-2 go déanach in 2019 tháinig paindéim dhomhanda agus géarchéim sláinte poiblí gan fasach. Mar thoradh air seo, bhí brú mór ar sholáthar seirbhísí sláinte, lena n-áirítear cúram éigeandála. Tharla an ráig ag an am céanna le tástáil phíolótach ar an gCreat laistigh de na suíomhanna cúraim éigeandála mar ar fógraíodh an chéad chás dearbhaithe den COVID-19 i bPoblacht na hÉireann an 29 Feabhra 2020 (Rialtas na hÉireann, 2020).

Mar fhreagra ar an méadú ar líon na gcásanna agus chun a bheith i gcomhréir le treoirlínte idirnáisiúnta, thug Rialtas na hÉireann sraith beart srianta isteach ag tús na paindéime, a chríochnaigh le tabhairt isteach bearta dianghlasála dochta 'fanacht sa bhaile' meán oíche an 27ú Márta 2020 (Rialtas na hÉireann, 2020). Cuireadh bearta den chineál sin i bhfeidhm chun an brú ar an gcóras cúram sláinte a laghdú agus díríodh aird ar acmhainn na n-aonad dianchúraim. Chuir nádúr nua agus forásach an cháis ar na seirbhísí sláinte dul i mbun claochlú radacach gasta ar an gcaoi a seachadadh cúram. Bhí sé seo soiléir i suíomhanna cúraim éigeandála inar chruthaigh baill foirne sreafaí othar modhnaithe, le sruthanna éagsúla le haghaidh cásanna féideartha nó amhrasta d'ionfhabhtú COVID-19 nuair ab fhéidir (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2021). I gcásanna áirithe, cuireadh bonneagar agus foireann ar leith i bhfeidhm do bhealaí COVID-19 agus neamh-COVID-19, trí threoirlínte maidir le cúinsí áitiúla agus measúnuithe riosca a bhreithniú agus cosaint othar agus baill foirne lárnach do na moltaí. Ina theannta sin, tugah roinnt ball foirne isteach arís in ADanna (lena n-áirítear an AD sa tástáil phíolótach) chun cúram a thabhairt d'othair a ghlactar isteach le Covid-19 i suíomhanna géarchúraim chónaitheacha. In ainneoin na ndúshlán iomadúla a bhí le sárú ag an bpaindéim, thug sí deis chun an múnla a leagtar amach sa pholasaí seo a thástáil tuilleadh maidir lena solúbthacht agus inoiriúnaitheacht.

I dteannta na ndúshlán a thug an phaindéim, rinneadh cibear-ionsaí ar FSS an 14 Bealtaine 2021; chuir sé seo isteach go mór ar aisghabháil sonraí ó na suíomhanna phíolótacha. Aithnítear go raibh tionchar domhain ní amháin ag an bpaindéim Covid-19 agus ag an gcibear-ionsaí ar obair fhoireann an AC agus an CCS ach freisin ar an gcóras sláinte go ginearálta, lena n-áirítear córais sonraí a theastaíonn do bhailiú sonraí agus don chinnteoireacht ghaolmhar.

1.5 Cuspóirí Polasaí

Dhírigh Céim 2 den Tascfhórsa ar Chreat a fhorbairt le haghaidh Soláthar Foirne Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh.

Ba iad cuspóirí an Tascfhórsa ná:

- Creat raonta foirne (AC agus CCS) agus meascán scileanna a fhorbairt a bhaineann le suíomhanna cúraim éigeandála bunaithe ar an bhfianaise idirnáisiúnta is fearr atá ar fáil.
- Leag amach go soiléir na boinn tuisceana ar a gcinntear na raonta foirne agus meascán scileanna.
- Moltaí a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an Chreata lena n-áirítear an t-oideachas, an oiliúint agus an treoir riachtanach.
- tuarascáil scríofa a thíolacadh don Aire Sláinte.

1.6 Cuspóir an Chreata

Ba é *an Creat um Sholáthar Foirne Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Ghinearálta agus Máinliachta agus Sainleighis in Ospidéil in Éirinn (Céim 1)* (An Roinn Sláinte, 2018) an chéad cheann dá leithéid go náisiúnta chun an bonn a chur ar fáil chun cur chuige córasach náisiúnta a chur i bhfeidhm a mholadh chun leibhéil foirne altraí agus meascán scileanna a chinneadh sna suíomhanna sin. Is é an Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altra i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh (mar atá leagtha amach sa doiciméad seo) an chéad chéim eile i gclár oibre atá á dhéanamh ag Oifig an Phríomhoifigigh Altranais chun cur chuige córasach agus cuimsitheach a fhorbairt, a neartú agus a chur chun cinn maidir le cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna i roinnt suíomhanna cúraim a úsáidfear chun torthaí dearfacha othar a bharrfheabhsú ag eascairt as infheistíocht san acmhainn foirne altraí.

Ar cheann de phríomhchuspóirí an Chreata, tá tacaíocht a thabhairt don tionchar dearfach a bhíonn ag foireann altra sábháilte ar thorthaí othar trí úsáid a mholtar a bhaint as cineálacha cur chuige córasacha chun riachtanais foirne altraí agus meascán scileanna a chinneadh bunaithe ar riachtanais othar. Tá príomhbharúlacha mar thaca ag an gCreat a leagann amach na gnéithe riachtanacha le cuimsiú i gcinntí maidir le soláthar foirne altranais sábháilte agus meascán scileanna, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna go bhfuil an fhoireann altranais mar chuid den fhoireann chúram sláinte níos leithne agus lárnach di.

Lena chois sin, leagtar amach sa Chreat na freagrachtaí eagraíochtúla riachtanacha chun rialachas lucht saothair foirne altra a dheimhniú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar mhonatóireacht cinntí maidir le foireann altra agus meascán scileanna agus a dtionchar ar thorthaí othar. Ina theannta sin, leagtar amach sa Chreat an breithniú níos leithne ar fhachtóirí seachtracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an bhfórsa oibre altranais ag leibhéal eagraíochtúil. Agus na heilimintí sin á gcomhtháthú i dteannta a chéile, leagann an Creat seo amach na prionsabail riachtanacha chun cinnteoireacht chomhsheasmhach eolasach a dheimhniú ag baint úsáide as bonn réasúnach iontaofa. Tá measúnú ar an tionchar ar chúram othar ríthábhachtach do rathúlacht an Chreata agus tá an gá lena n-éifeachtacht a thomhas lárnach d'aon chur chuige chun na riachtanais foirne altraí is fearr a chinneadh. Tá monatóireacht agus rialachas iomchuí ar an leibhéal eagraíochtúil agus náisiúnta riachtanach. Chun tacú leis seo, bunaítear Ceannasaí Náisiúnta um Fhoireann Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna laistigh den FSS agus tá tuilleadh forbartha á dhéanamh aige ar aonad chun tacú le cur chun feidhme agus maoirseacht náisiúnta na gCreata.

1.6.1 Amlínte

Imlíníonn Fíor 2 thíos na hamlínte maidir le forbairt agus tástáil an Chreata lena n-áirítear bailiú sonraí bunlíne, cur i bhfeidhm coigeartuithe foirne agus soláthar na dtuarascálacha taighde polasaí a bhaineann leo.



Léaráid 2: Amlínte Measúnaithe i bhForbairt an Chreata

Caibidil 2:
Cur Chuige maidir le Forbairt an Chreata

Soláthraíonn an chaibidil seo forbhreathnú ar na cineálacha cur chuige a glacadh chun *an Creat um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh* a fhorbairt agus a thástáil. Áiríonn sé príomhthorthaí ó athbhreithnithe fianaise agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí, mar aon leis an gcur chuige, torthaí agus moltaí ó thástáil phíolótach an Chreata a rinneadh idir 2018 agus 2021.

2.1 Réamhrá

Ag teacht leis an gcur chuige a úsáideadh i gCéim 1[5], bhí Grúpa Stiúrtha Tascfhórsa comhsheasmhach leis an gcur chuige a úsáideadh i gCéim 15, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Tascfhórsa agus bhí an Príomhoifigeach Altranais ina chathaoirleach air le ballraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó roinnt príomhpháirtithe leasmhara. Bhí baill Ghrúpa Stiúrtha an Tascfhórsa comhdhéanta de shaineolaithe i suíomhanna cúraim éigeandála, i bpolasaí sláinte, i dtaighde agus i mbainistíocht seirbhísí sláinte chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chreata (Aguisín I).

Is féidir cur síos a dhéanamh ar an gcur chuige a glacadh maidir le forbairt an Chreata, mar atá i gCéim 1, faoi dhá chéim ar leith: a) an chéim fhorbartha, trínar fhoilsigh an Tascfhórsa Tuarascáil Eatramhach agus Moltaí ar Fhoireann Altra Sábháilte agus Creat Meascán Scileanna do Shuíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh; agus b) céim phíolótach tástála, trína ndearnadh tástáil phíolótach ar an gCreat Eatramhach thar trí RÉ agus AD amháin go náisiúnta. Bhí torthaí an taighde mar bhonn eolais don Chreat deiridh agus do na moltaí atá sa doiciméad polasaí seo.

Chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt an Chreata agus na moltaí, ghlac Grúpa Stiúrtha an Tascfhórsa páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla a chuimsigh comhairliúchán agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, cur i láthair ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, athbhreithniú fianaise agus meastóireacht náisiúnta bunlíne foirne. Bunaithe ar an obair tosaigh seo, d'fhoilsigh an Tascfhórsa Tuarascáil Eatramhach agus Moltaí in 2018 inar moladh leanúint ar aghaidh

i. Bunú an Tascfhórsa.

ii. Athbhreithniú litríochta lena n-áirítear comhairliúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

iii. Measúnú bunlíne foirne altra.

iv. Taighde ar thionchar polasaí, lena n-áirítear achoimre ar an gcur chuige trialach píolótach, chomh maith le torthaí agus moltaí.

2.2 Bunú an Tascfhórsa

Bunaíodh Tascfhórsa comhoibríoch chun Creat a fhorbairt le haghaidh Soláthar Foirne Altra Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht maidir le foireann altraí i suíomhanna cúram éigeandála; cuimsíodh seo athbhreithniú ar thorthaí othar, foirne agus eagraíochta a bhaineann le foireann altraí agus múnlaí/cur chuige chun leibhéil foirne a chinneadh i suíomhanna cúraim éigeandála. Lena chois sin, sholáthair an Tascfhórsa maoirseacht ar thástáil agus ar chur i bhfeidhm na gcur chuige chun foireann altra a chinneadh sna suíomhanna phíolótacha chomh maith le haiseolas a fháil agus comhairle a thabhairt ar phróiseas an taighde a dhéanann tástáil ar éifeachtúlacht an Chreata.

[5] An Creat um Sholáthar Foirne Sábháilte Altra agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Míochaine, Máinliachta agus Speisialtóra d'Aosaigh in Éirinn (An Roinn Sláinte, 2018).

2.3 Léirbhreithniú ar an Litríocht

Thug an fhoireann taighde faoi athbhreithniú litríochta chun múnlaí a aithint a úsáidtear chun leibhéil foirne altraí i suíomhanna cúraim éigeandála a chinneadh agus torthaí a bhaineann le foireann altra agus measc**á**n scileanna. Thóg sé seo ar athbhreithniú fianaise roimhe seo, a rinne baill den fhoireann taighde chun torthaí a bhaineann le foireann altraí i RÉanna a shainaithint. (Recio-Saucedo *et al*. 2015). Murab ionann agus suíomhanna leighis agus máinliachta, bhí níos lú fianaise ar fáil ar an gceangal idir foireann altra agus torthaí othar i suíomhanna cúram éigeandála. Cé go raibh teorainneacha san fhianaise a athbhreithníodh, ba chosúil gur léirigh sé go raibh baint ag leibhéil foirne altraí san RÉ le ham le freastal, othair ag imeacht gan a bheith le feiceáil, am cúraim RÉ agus sástacht othar. Níor sainaithníodh aon staidéir a thomhais an baint idir foireann altraí agus torthaí eacnamaíocha. Ar an iomlán, léirigh an fhianaise a aithníodh go raibh baint ag leibhéil foirne níos ísle d'altraí le torthaí othar níos measa.

2.3.1 Cur Chuige a Mheastar chun Soláthar Foirne Sábháilte Altra agus Measc**á**n Scileanna a Chinneadh i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh

Rinneadh roinnt cineálacha cur chuige a thástáil mar chuid den phróiseas taighde maidir le hionstraim a thástáil agus a aithint chun leibhéil foirne i suíomhanna cúraim éigeandála a chinneadh. Cuimsítear leis seo:

- An Uirlis Bhunlíne um Sholáthar Foirne Éigeandála (BEST) (lena n-ionchorpraítear Uirlis Spleáchais Jones) (Jones 1999; RCN 2014).
- An cur chuige Uaireanta Altranais in aghaidh an Othair (NHpPP) / Uaireanta Altranais in aghaidh an Lae Othar (NHpPD) in éineacht le haicmiú othar ar Chóras Triáiseála Manchain (An Roinn Sláinte Iarthar na hAstráile, 2002; Roinn Sláinte na Tasmáine, 2011).
- Cóimheasa altra le hothair i RÉanna, lena n-áirítear moltaí neamhfhoilsithe na hInstitiúide Náisiúnta um Fheabhas Sláinte agus Cúraim (NICE) ar chóimheasa sábháilte altra le hothair i suíomhanna cúraim éigeandála (NICE 2016).

Bhí roinnt téamaí comhsheasmhacha le sonrú sa litríocht a bhaineann le foireann altraí i RÉanna agus dá bhrí sin, úsáideadh iad chun tionchar an Chreata a chinneadh.

Othair a D'Fhág gan a Bheith le Feiceáil:	Am Cúraim na Roinne Éigeandála:	Fad Fanachta:	Taithí othar:	Ag fanacht le freastal:
Tá fianaise ann go bhfuil baint ag leibhéil níos ísle foirne altraí i ranna éigeandála le céatadán níos airde othar ag imeacht gan a bheith féachaint orthu (Brown et al. 2021; Hoxhaj et al. 2004; Greci et al. 2011; Weichenthal agus Hendey 2011; Ramsey et al. 2018; Anderson et al 2016) Anderson et al. 2016	Sainmhínítear am cúraim RÉ mar an t-am ón gclárú go dtí an t-am a dhéantar cinneadh othar a ligean isteach nó a scaoileadh amach. Sainaithníodh gaolmhaireacht idir leibhéil níos ísle foirne altraí agus méadú ar am cúraim roinne éigeandála sna staidéir a athbhreithníodh (Chan et al. 2010, Ramsey et al. 2018)	Sainmhínítear é seo mar an fad iomlán ama a fhanann othair sa RÉ. Aithníodh gur tháinig laghdú ar fhad fanachta othar de réir mar a mhéadaíonn na leibhéil foirne (Rathlev et al. 2016); mar sin féin, is féidir le fachtóirí eile tionchar a bheith acu freisin ar fhad fanachta lena n-áirítear áitíocht ospidéil, líon na n-othar a ghlactar isteach chuig leapacha cúram ginearálta/dianchúraim (Rathlev et al. 2016; Ramsey et al. 2018; Henneman et al. 2015)	D'aithin staidéir go bhfuil baint idir cúram a sholáthraíonn céatadán níos airde de ACanna (measc**á**n scileanna) agus leibhéil foirne agus eispéireas feabhsaithe othar. (Daniel 2012; Nelson et al. 2018)	Bhain méadú ar an líon foirne altraí le laghdú ar an am go dtí meastóireacht dhiagnóiseach agus othair a bhí ag fanacht le feiceáil ag príomhchinnteoir (Harris agus Sharma 2010; Shindul-Rothschild et al. 2017)

Léaráid 3 Torthaí Othar a Bhaineann le Rannóga Éigeandála d'Aosaigh

- Cóimheasa a úsáidtear i gCalifornia i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus New South Wales san Astráil.
- Creat Pleanála Fórsa Saothair Altranais na Roinne Éigeandála (FSS/ONMSD2016).

Tástáladh gach ceann de na múnlaí seo go praiticiúil agus úsáid á baint as próiseas athbhreithnithe deisce go luath sa taighde chun a n-inúsáidteacht agus a mbailíocht a chinneadh sna trí RÉ píolótach (féach ar Drennan *et al*. 2019 le haghaidh forbhreathnú ar thorthaí na múnlaí a tástáladh).

2.3.2 Moltaí ón Athbhreithniú ar an Litríocht agus ó Thástáil Phíolótach na Múnla

Bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht, aithníodh athróga a bhaineann le foireann altraí ag leibhéil othar, foirne agus eagraíochta. I measc na dtorthaí othar bhí, am triáiseála, am cúraim RÉ, am le feiceáil agus imeacht gan a bheith le feiceáil. I measc na dtorthaí foirne, bhí éirí as, sásamh poist, rún chun imeacht agus imeachtaí cúraim a fágadh gan déanamh. I measc na dtorthaí eagraíochtúla, bhí cáilíocht an chúraim a cuireadh ar fáil agus an ndéanfadh an fhoireann a n-aonad a mholadh do theaghlach, do chairde agus do chomhghleacaithe.
As na múnlaí a athbhreithníodh agus na torthaí a bhaineann lena dtástáil laistigh de na socruithe píolótacha, aithníodh an NHpPP mar an múnla is infheidhme. Bhí an réasúnaíocht chun an múnla seo a úsáid bunaithe ar na riachtanais uathúla maidir le léirithe othar agus fad fanachta othar in RÉanna in Éirinn, chomh maith le hinfhaighteacht sonraí a bhailítear go rialta lena n-áirítear líon na léirithe othar, scóir triáiseála na n-othar, céatadán na n-othar a d'fhág gan freastal orthu agus na hamanna a bhaineann le gach céim ar thuras an othair tríd an RÉ.

2.4 Suirbhé Bunlíne RÉ ar an bhFórsa Saothair

D'fhorbair an fhoireann taighde, i gcomhar le hOifig an Phríomhoifigigh Altranais, ceithre shuirbhé ar leith chun sonraí a bhailiú ar an bhfórsa saothair ag leibhéal an ospidéil agus ag leibhéal an urláir ghéarmhíochaine; cuimsíodh seo 26 RÉ do dhaoine fásta[6] agus 9 IU[7].

As na Ranna a ndearnadh suirbhé orthu, aithníodh 18 (69%) mar mheasctha; ciallaíonn sé seo gur chuir siad cúram éigeandála ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí araon, agus an chuid eile ag soláthar cúram éigeandála do dhaoine fásta amháin[8]. Bhí raon léirithe othar chuig na RÉanna a ndearnadh suirbhé orthu ó thart ar 20,000 in aghaidh na bliana go 65,000 in aghaidh na bliana. Ba é 19 meánlíon na gciúbán agus bhí sé idir 8 agus 38. Rinneadh suirbhé ar gach RÉ a úsáideadh as Córas Triáiseála Mhanchain chun othair aosacha a thriáiseáil nuair a tháinig siad.

As na IUanna a ndearnadh suirbhé orthu, d'fheidhmigh a bhformhór mór idir 08.00 uair agus 20.00 uair[9]. Bhí meánmhéid 4.1 cubhachail ag na IUnna ó 3 go 8. Ba é meánlíon na léirithe do Alanna tráth an tsuirbhé ná 8,263 ag dul ó 4,450 go 16,133.

[6] Ba iad na RÉanna a chuimsítear sa suirbhé ná cúram do dhaoine fásta amháin nó do dhaoine fásta agus do leanaí measctha ag tairiscint cúram 24 uair, seacht lá na seachtaine mar chuid d'ospidéal Múnla 4 nó Múnla 3.
[7] Tá aon IU déag in Éirinn agus d'fhreagair naonúr acu an suirbhé.
[8] Níor áiríodh RÉanna atá mar chuid d'ospidéal leanaí i bhforbairt an Chreata.
[9] Bhí uaireanta oscailte IU idir 08:00 agus 18:00; mar sin féin, bhí na huaireanta oibriúcháin idir 08:00 agus 20:00.

2.4.1 Príomhthorthaí ón Measúnú Foirne Bunlíne

Táscaire	Roinn Éigeandála	Aonad Díobhálacha
Cóimheas Altra go Othar	Bhí éagsúlacht i líon na ACanna a bhí fostaithe in aghaidh an mhíle léirithe othar don RÉ. Ba é an meán 1.0 AC in aghaidh an mhíle léirithe, agus bhí sé seo sa raon ó íseal de 0.7 in aghaidh an mhíle léirithe go dtí ard de 1.5 in aghaidh an mhíle léirithe.	Ar an iomlán, bhí éagsúlacht i líon na ACanna a bhí fostaithe in aghaidh an mhíle léirithe othar don RÉ. Ba é an meán 2.2 AC in aghaidh an mhíle léirithe agus bhí sé seo sa raon ó íseal de 1.0 in aghaidh an mhíle léirithe go dtí ard de 3.1 in aghaidh an mhíle léirithe.
Meascán scileanna AC go CCS	Ar an meán, ba é an meascán scileanna sna RÉanna a ndearnadh suirbhé orthu ná 85% AC agus 15% CCS. Bhí sé seo sách comhsheasmhach ar fud gach RÉ ó 77% AC agus 23% CCS go 95% AC agus 5% CCS.	Ar an meán, bhí 3.74 AC WTE fostaithe sna naoi AC a ndearnadh suirbhé orthu, idir 1.0 agus 5.6. Bhí CCS idir 0.5 agus 2 CL i bpoist trí IU.
Bainisteoir Altraí Cliniciúla Am an Mhaoirseora	Ar an meán, leithdháileadh 90% am maoirseachta ar BAC 2s; sa chás agus iad ag gníomhú mar cheannaire seala, níor ghlac siad le hualach cásanna othar san RÉ. Bhí difríocht idir an raon seo ag brath ar na hospidéil a ndearnadh suirbhé orthu, ó 75% d'am maoirseachta go 100% d'am maoirseachta.	Bhí BAC 2 sa phost ag ocht gcinn de na naoi IU; Bhí WTEanna sa raon ó 0.25 go 1.0 le meán de 0.83 WTE. Ní poist mhaoirseachta amháin a bhí sna poist seo.
Éascaitheoir Scileanna Cliniciúla	As na 26 RÉ a ndearnadh suirbhé orthu, bhí Éascaitheoir Scileanna Cliniciúla RÉ i bpost ag 54% díobh.	Níor sainaithníodh aon phost Éascaitheora Scileanna Cliniciúla a bhí tiomnaithe don IU.
Leibhéal Taithí AC	San iomlán, aicmíodh 54.5% de ACanna a bhí ag obair i RÉanna in Éirinn mar fhoireann shinsearach[10] agus aicmíodh 45.5% mar fhoireann shóisearach. Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór ann, le céatadán na foirne sinsearacha fostaithe i RÉanna ag dul ó leibhéal íseal 19% go dtí ardleibhéal 89%. Bhí níos lú ná 50% den fhoireann shinsearach i bpost ag timpeall 42% de na Ranna a ndearnadh suirbhé orthu.	Bhí trí bliana nó níos mó de thaithí chliniciúil sa suíomh sin ag tromlach na foirne altranais a bhí ag obair in IUanna.
Leibhéal Oideachais AC	Bhí saincháilíocht in altranas éigeandála ag 40% de na ACanna. Bhí sé seo sa raon ó íseal de 24% go dtí ard de 66%.	Bhí saincháilíocht in altranas éigeandála ag 18% de na ACanna atá fostaithe in IUanna. Bhí sé seo sa raon ó íseal de 0% go dtí ard de 50%.
Patrúin Oibre	Bhí formhór mór na ACanna agus na CCSanna sna RÉanna ar an uainchlár chun sealanna 12 uair an chloig a oibriú.	D'oibrigh formhór mór na ACanna sealanna de réir uaireanta oibriúcháin an AD (08:00 go 20:00). Bhí uaireanta oibre CCSanna sa raon ó 7.5 uair go 12.0 uair.
Cóimheasa Ardchleachtóirí Altranais le hOthair	Ar an iomlán, bhí éagsúlacht i líon na nArdchleachtóirí Altranais (AAanna) a bhí fostaithe i RÉanna. Ar an meán, bhí 2.6 AA WTE in aghaidh an RÉ; bhí sé seo sa raon ó 0 go 6.69 CL. Ar an meán, bhí AA 1 in aghaidh gach 43.5 léirithe othar in aghaidh an lae[11].	Ar an meán, bhí 1.75 AA WTE in aghaidh an IU, idir 1.0 agus 4.3 WTE. Thug trí IU le fios nach raibh AA sa phost acu le linn an tsuirbhé. Maidir leis na IUnna, bhí éagsúlacht sna leibhéil foirne AC in aghaidh an mhíle léirithe othar. Ba é an meán 6.0 AC in aghaidh an mhíle léirithe; bhí sé seo sa raon ó íseal de 2.3 in aghaidh an mhíle léirithe go dtí ard de 10.6 in aghaidh an mhíle léirithe.

[10] Sainmhíníodh sinsearacht mar iad siúd a bhfuil taithí 3 bliana ar a laghad acu agus a mheas an BAC inniúil.
[11] Is é seo an cóimheas idir AAanna agus léirithe iomlán agus ní léiríonn sé líon na n-othar ar fhreastail AA orthu san RÉ.

2.4.2 Conclúidí Achoimre ón Suirbhé Bunlíne

Maidir le RÉanna, aithníodh go raibh éagsúlacht sa chóimheas idir ACanna le hothair ar fud an chórais; chomh maith leis sin, tá foireann ACanna den chuid is mó ag céatadán sách ard de RÉanna a bhfuil níos lú ná trí bliana de thaithí acu in altranas éigeandála. Aithníodh go raibh an meascán scileanna sách measartha seasmhach ar fud an chórais RÉ le meán de 85% de ACanna ag soláthar cúram othar. Leithdháiltear idir 90% agus 100% d'am maoirseachta ar fhormhór na bpost BAC 2 san RÉ agus iad ag gníomhú mar cheannaire seala. Mar sin féin, aithníodh nach raibh saincháilíocht altranais éigeandála ag formhór na ACanna a bhí ag obair sna RÉanna ag am an tsuirbhé.

Maidir leis na Alanna, bhí éagsúlacht sna leibhéil foirne AC in aghaidh an mhíle léirithe othar. Lena chois sin, bhí sé seo le feiceáil sa chomhréir de AAanna a bhí fostaithe in IUanna agus roinnt aonad ag am an tsuirbhé nach raibh aon AA fostaithe acu.

2.5 Taighde Tionchair Polasaí

Tar éis próiseas iarratais oscailte, d'aithin an Roinn Sláinte suíomhanna phíolótacha chun an Creat a thástáil. Bhí an tástáil phíolótach phleanáilte le bheith mar thaca ag taighde arna choimisiúnú ag an mBord Taighde Sláinte. Ag tógáil ar fhorbairt *an Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Ginearálta agus Speisialaithe Cúraim Mhíochaine agus Mháinliachta in Ospidéil d'Aosaigh* (An Roinn Sláinte, 2018), ba é tástáil phíolótach an Chreata an chéad cheann de na gníomhaíochtaí faoin gclár taighde seo. Imlíníonn an fhaisnéis thíos an cur chuige agus na torthaí ó thástáil phíolótach an Chreata.

2.5.1 Cur Chuige i leith Taighde Tionchair Polasaí – Tástáil Phíolótach

Tugadh faoi chur i bhfeidhm píolótach an Chreata ar fud trí RÉ agus IU amháin. Ba é aidhm an taighde polasaí an tionchar a bheadh ag cur i bhfeidhm mholtaí an Chreata ar thorthaí othar, ar thorthaí foirne altraí agus ar fhachtóirí eagraíochtúla i ngach ceann de na suíomhanna seo a thomhas. Ina theannta sin, rinne an taighde an tionchar eacnamaíoch a bheadh ag cur i bhfeidhm an Chreata a thomhas.

Foilsíodh trí thuarascáil tionchair polasaí a rinne meastóireacht ar an gCreat píolótach idir 2018 agus 2021:

- *Measúnú ar Chur i bhFeidhm Phíolótach an Chreata do Shuíomhanna Cúraim Éigeandála – Tuarascáil 1 - Tuarascáil Bhonnlíne* (Drennan *et al*. 2019).
- *Measúnú ar Chur i bhFeidhm Phíolótach an Chreata do Shuíomhanna Cúraim Éigeandála – Tuarascáil 2* (Drennan *et al*. 2020).
- *Measúnú ar Chur i bhFeidhm Phíolótach an Chreata do Shuíomhanna Cúraim Éigeandála – Tuarascáil 1 - Tuarascáil Deiridh* (Drennan *et al*. 2022).[12]

Is achoimre ar an tuarascáil deiridh iad na príomhthorthaí atá leagtha amach anseo agus is bonn iad do na moltaí atá leagtha amach sa doiciméad polasaí seo. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil deiridh ar thionchar an pholasaí freisin ar na torthaí maidir le tionchar na paindéime COVID-19 ar an bhfoireann altranais atá ag obair sna suíomhanna phíolótacha.

Lena chois sin, rinne an mheastóireacht an tionchar eacnamaíoch a bhaineann le cur chun feidhme an Chreata a thomhas agus soláthraítear measúnú bunaithe ar fhianaise ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme an tionscnaimh i gcleachtas chun treoir a thabhairt do chinntí rolladh amach náisiúnta amach anseo.

Ba iad cuspóirí an taighde ná:

- Scrúdú a dhéanamh ar an méid a d'athraigh bearta toraidh othar le himeacht ama mar thoradh ar thabhairt isteach na moltaí sa Chreat.
- Tionchar na hidirghabhála ar imeachtaí cúraim a fágadh gan déanamh a thomhas.
- An tionchar a bhí ag an gCreat ar thaithí na foirne agus na n-othar a thomhas agus tionchar a chur i bhfeidhm an Chreata ar fhachtóirí eagraíochtúla a thomhas.

[12] Sholáthair Tuarascáil 1 sonraí bunlíne othar, altra agus eagraíochta ó na trí shuíomh phíolótacha; rinne an Tuarascáil seo tástáil freisin ar mhúnlaí éagsúla chun leibhéil foirne a chinneadh i suíomhanna éigeandála. Thuairiscigh Tuarascáil 2 ar thorthaí othar, foirne agus eagraíochta tar éis coigeartuithe a dhéanamh ar an bhfoireann altra bunaithe ar thástáil phíolótach ar an múnla foirne (Uaireanta Altranais in aghaidh na Léirithe Othar). Tuairiscíodh i dTuarascáil 3, an Tuarascáil Deiridh, ar an tionchar leanúnach atá ag tabhairt isteach na múnla foirne ar thorthaí thar am chomh maith leis an tionchar ar fhoireann altranais éigeandála na paindéime COVID-19.

2.6 Príomhthorthaí

Tá achoimre ar na príomhthorthaí ón taighde ar thionchar an pholasaí do na trí RÉ píolótach agus don AI curtha i láthair faoi na torthaí othar, foirne agus eagraíochta thíos:

2.6.1 Bearta Torthaí Othar

Ranna Éigeandála

- **Léirithe:** Ar an iomlán, rinneadh thart ar 443,158 léiriú othair sna trí RÉ píolótach a taifeadadh thar thréimhse an staidéir – Eanáir 2018 go dtí Aibreán 2021.
- **Am Triáiseála**: Léirigh gach RÉ, tar éis na moltaí sa Chreat a thabhairt isteach, laghdú ar an am triáise d'othair. Ar an iomlán, laghdaigh an t-am triáiseála ó 0.31 uair ar an meán roimh thabhairt isteach an Chreata go 0.20 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata, laghdú foriomlán céatadánach de 35.4% in am triáiseála.
- **Am ón Triáiseáil go dtí a Bheith le Feiceáil:** Thaispeáin an t-am ón triáiseáil go dtí a bheith le feiceáil ag déantóir cinntí feabhsuithe tar éis tabhairt isteach an Chreata. Laghdaigh laghduithe ama triáiseála thar na trí RÉ píolótach ó 1.41 uair roimh thabhairt isteach an Chreata go 0.80 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata. Laghdú céatadánach foriomlán de 43.2% san Am ón Triáiseáil go dtí a Bheith le Feiceáil.
- **Clárú le Freastal ag Cinnteoir:** Tar éis don Chreat a bheith curtha i bhfeidhm, laghdaíodh an t-am feithimh airmheánach a bhí ag othair le freastal orthu ag déantóir cinntí. Laghdaigh an t-am ó 1.74 uair go 1.43 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata, laghdú foriomlán céatadánach de 17.8%.
- **Am Cúraim RÉ:** Sainmhíníodh é seo mar an t-am in uaireanta ón gclárú san RÉ go dtí an t-am a rinneadh an cinneadh maidir le ligean isteach nó scaoileadh amach as an ospidéal[13]. Tháinig laghdú ar an meán-am cúraim RÉ thar na trí shuíomh phíolótacha ó 5.14 uair roimh thabhairt isteach an Chreata go 4.90 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata, is laghdú céatadánach foriomlán é seo de 4.6%.
- **Am Taithí Othar (ATO)**:Sainmhíníodh ATO mar an t-am sna huaireanta ó chlárú san RÉ go dtí an t-am imeachta ón RÉ tar éis scaoilte/iontrála, áiríonn sé seo am bordála tar éis an chinnidh ligean isteach. Laghdaigh an ATO meánach thar na trí shuíomh phíolótacha ó 6.14 uair roimh thabhairt isteach an Chreata go 5.89 uair tar éis tabhairt isteach an Chreata, is laghdú céatadánach foriomlán é seo de 4.0%.
- **Ag Imeacht Gan a Bheith le Feiceáil (LWBS)**: Sainmhíníodh LWBS mar othair a d'fhág RÉ sular críochnaíodh a gcóireáil.[14] Tháinig laghdú iomlán ar chomhréir na n-othar LWBS tar éis tabhairt isteach an Chreata, le laghdú céatadáin 52.3% ar othar LWBS.

Aonad Díobhálacha

- **Léirithe**: Ar an iomlán, taifeadadh 28,705 léiriú othar san AD le linn thréimhse an taighde (Eanáir 2018 go Aibreán 2021).
- **Am Triáiseála / Measúnaithe:** Léirigh an IU, tar éis na moltaí sa Chreat a thabhairt isteach, laghdú ar an am triáiseála / measúnaithe a dhéanamh ar othair. Laghdaíodh an t-am triáiseála / measúnaithe ó 0.29 nóiméad ag an mbunlíne go 0.24 nóiméad tar éis tabhairt isteach an Chreata; laghdú 17% ar an am triáiseála / measúnaithe.[15]
- **LWBS:** Tháinig laghdú iomlán ar chomhréir na n-othar LWBS tar éis tabhairt isteach an Chreata san IU. Laghdaigh LWBS ó 1.6% ag an mbunlíne go 0.5% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

[13] Ní áirítear leis seo an t-am a chaitheann othar san RÉ nuair a bhíonn cinneadh glactha isteach.
[14] Áirítear le LWBS othair a d'fhág an bheirt acu gan freastal orthu ó phríomhchinnteoir agus iad siúd a d'fhág sular críochnaíodh an chóireáil.
[15] Ní dhearnadh anailís ar an Am ón Triáiseáil go dtí a Bheith le Feiceáil ag Déantóir Cinntí don AD mar is gnách go ndéantar othair a thriáiseáil agus a fheiceáil laistigh den tréimhse chéanna ama sna haonaid seo.

- **ATO:** In 2018, ba é an meán-am ATO san AD ná 2.30 uair, ag laghdú go 2.26 uair in 2019, agus go 2.23 uair in 2020. Chonacthas an treocht anuas seo freisin i measc na n-othar ≥75 bliain d'aois, le meán-am ATO ag titim ó 2.59 uair in 2018 go 2.24 uair ar an meán in 2019, agus ansin ag laghdú tuilleadh go 1.93 uair in 2020. I 2021 (1 Eanáir go 30 Aibreán), ba é an meán ATO 2.98 uair[16].

2.6.2 Bearta Torthaí Foirne

Rinneadh suirbhéanna ar ACanna agus CCSnna sna trí RÉ agus san AD ag bunlíne (roimh thabhairt isteach an Chreata) agus tar éis tabhairt isteach an Chreata.

Ranna Éigeandála

- **Cóimheas Altra go Othar:** Sular tugadh isteach an Creat, thug ACanna sna RÉanna píolótach aire, ar an meán, do 14.87 othar in aghaidh an tseala, tar éis tabhairt isteach an Chreata, laghdaigh sé seo go dtí 11.27 othar in aghaidh an tseala.

- **Leibhéal Oideachais:** Sular tugadh isteach an Creat sna trí RÉ, bhí cáilíocht speisialtóra in altranas éigeandála ag 44.4% de ACanna, is méadú beag é seo go 46.1% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Timpeallacht Cleachtais:** Tháinig feabhas ar thuairimí na foirne ar an timpeallacht oibre tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ar an iomlán, bhí méadú ar rannpháirtíocht altraí i ngnóthaí ospidéil, ar dhearcadh ar cháilíocht an chúraim a sheachadtar, ar cheannaireacht bainisteoirí altraí agus ar chaidreamh le haltra-dhochtúirí. Bhí méadú suntasach ar rátáil dhearfach na ACanna maidir le leorgacht foirne agus acmhainní go háirithe.

- **Cáilíocht Cúraim:** Mhéadaigh céatadán na foirne altranais RÉ a shainaithin cúram a bheith maith nó sármhaith ó 52% ag an mbunlíne go 66% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Mar an gcéanna, mhéadaigh grádú sábháilteachta othar (an-mhaith / sármhaith) ó 14% ag an mbunlíne go 30% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Imeachtaí Cúraim a Fágadh gan Déanamh:** Maidir le tomhas an chúraim a fágadh gan déanamh, léirigh tomhais bhonnlíne gur thuairiscigh 78.8% d'altraí go raibh ar a laghad mír chúraim amháin fágtha gan déanamh ar a n-aistriú deiridh, laghdaigh sé seo go 72.5% tar éis chur i bhfeidhm an Chreata. Mar an mbealach céanna, léirigh tomhais bhonnlíne gur fágadh 3.32 gníomhaíocht cúraim ar an meán gan déanamh in aghaidh an tseala mar gheall ar easpa ama chun na tascanna seo a chur i gcrích, ach laghdaigh sé seo go dtí, ar an meán, 2.76 gníomhaíocht a fágadh gan déanamh, tar éis chur i bhfeidhm an Chreata.

- **Sosanna Béilí Caillte**: Ag an mbunlíne, thuairiscigh 40.7% den fhoireann altranais gur chaill siad sos béile ar a n-aistriú deiridh; laghdaigh sé seo go 21.8% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Sástacht Poist agus Rún chun Imeacht:** Mhéadaigh sásamh foriomlán poist ó 54.4% den fhoireann a thuairiscigh go raibh siad sásta nó an-sásta lena bpost reatha ag an mbunlíne go 80.0% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ina theannta sin, thuairiscigh dhá thrian den fhoireann go raibh siad sásta le bheith ina n-altra ag an mbunlíne, a mhéadaigh go 90.0% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Tháinig laghdú freisin ar rún iomlán chun imeacht ó 55.2% ag an mbunlíne go 45.6% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Ag moladh an RÉ:** Mhéadaigh an fhoireann altranais a thuairiscigh gur dócha nó cinnte go molfaidís an Roinn do chomhghleacaí ó 53.7% ag an mbunlíne go 75.6% tar éis tabhairt isteach an Chreata sna trí shuíomh RÉ. Ina theannta sin, mhéadaigh céatadán na foirne altranais a dúirt gur dócha nó go ndéanfadh siad cinnte a RÉ a mholadh do theaghlach nó do chairde, ó 69.3% roimh thabhairt isteach an Chreata go 81.4% tar éis é a thabhairt isteach.

- **Cloíteacht:** Baineadh úsáid as an bhFardal Cloíteachta Maslach (Maslach et al., 1996)[17] chun trí réimse den chloíteacht san fhoireann altranais a thomhas: ídiú mothúchánach; díphearsanú; agus éacht pearsanta. Ba mhó an feabhas a tháinig ar leibhéil ídithe

[16] Déantar iad seo a thomhas mar uaireanta deachúil; mar shampla, is é 2.98 uair ná 2 uair, 58 nóiméad agus 48 soicind.

[17] Tá Pearsanra Míochaine Suirbhé Seirbhísí Daonna MBI (MBI-HSS MP) comhdhéanta de 22 mhír thar thrí fhoscála: cloíteacht mothúchánach; díphearsanú; éacht pearsanta. Tugann foscála an ídithe mhothúchánach aghaidh ar mhothúcháin a bheith thar a n-acmhainn go mothúchánach le hobair. Déanann foscála díphearsanta measúnú ar fhreagra neamhphearsanta ar fhaighteoirí cúraim agus tomhaiseann foscála gnóthachtála pearsanta mothúcháin cumais agus gaisce ina gcuid oibre. Déantar míreanna a thomhas ar scála 7 bpointe 0 go 6 (riamh = 0, go gach lá = 6). Léiríonn scóir arda in ídiú mothúchánach agus díphearsanú agus scóir ísle sa ghnóthachtáil phearsanta clóiteacht

mhothúchánach mar a laghdaigh siad ó mheán 3.31 roimh thabhairt isteach go meán 2.95 tar éis tabhairt isteach an Chreata. Tháinig laghdú freisin ar na scóir iomlána maidir le díphearsanú (scóir feabhsaithe) ag Am 2 (tar éis tabhairt isteach an Chreata), agus d'fhan leibhéil na gnóthachtála pearsanta sách seasmhach le haghaidh Am 1 (Bunlíne) agus Am 2 (tar éis tabhairt isteach an Chreata).

- **Taithí na Foirne Altranais ar Fhoréigean agus Iompar Bagrach:** Ar an iomlán, roimh thabhairt isteach an Chreata, thuairiscigh 76.5% den fhoireann gur fhulaing siad ionsaí fisiciúil, 94.0% droch-chóireáil síceolaíoch / ó bhéal agus 97.8% coimhlint le hothair le trí mhí anuas. Tar éis tabhairt isteach an Chreata, tháinig laghdú an-bheag le 74.2% den fhoireann ag tuairisciú gur fhulaing siad ionsaí fisiceach, 93.3% den fhoireann a d'fhulaing droch-chóireáil shíceolaíoch/bhriathartha agus 94.7% den fhoireann ag tabhairt faoi choimhlint le hothair.

Aonad Díobhálacha

- **Cóimheas Altra go Othar:** Sular tugadh isteach an Creat, thug RNanna sna ACanna aire, ar an meán, do 9.11 othar in aghaidh an tseala, tar éis tabhairt isteach an Chreata, méadaigh sé seo go dtí 12.25 othar in aghaidh an tseala.

- **Leibhéal Oideachais:** Níor tháinig aon athrú ar chomhréir na ACanna a raibh cáilíocht speisialtóra acu in altranas éigeandála ag an dá phointe ama: 23.8%, ag an mbunlíne agus tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Timpeallacht Cleachtais:** Tháinig feabhas ar thuairimí na foirne ar an timpeallacht oibre i gceantair áirithe tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ar an iomlán, bhí méadú ar thuairimí na foirne ar fhondúireachtaí altranais maidir le cúram ardchaighdeáin a sholáthar (2.77 ar an meán roimh, agus 3.04 tar éis tabhairt isteach an Chreata) agus leordhóthanacht foirne agus acmhainní (2.21 ar an meán roimh, agus 2.75 tar éis thabhairt isteach an Chreata)[18].

- **Cáilíocht Cúraim:** Mhéadaigh céatadán na foirne altranais AD a shainaithin gur sármhaith an cúram a cuireadh ar fáil ó 20.0% ag an mbunlíne go 33.3% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Mhéadaigh grádú sábháilteachta othar (an-mhaith / sármhaith) ó 42.9% ag an mbunlíne go 62.0% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Imeachtaí Cúraim a Fágadh gan Déanamh:** Thaispeáin tomhais bhunlíne le haghaidh cúraim a fágadh gan déanamh imeachtaí san AD gur thuairiscigh 36.4% d'altraí gur fágadh mír chúraim amháin ar a laghad gan déanamh ag Bunlíne, a laghdaigh go 15.8% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ar an iomlán, d'aithin tomhais bhonnlíne gur fágadh 1.36 gníomhaíocht chúraim riachtanach ar an meán

- nach bhfuil déanta in aghaidh an tseala, laghdaigh sé seo go dtí ar an meán, 0.21 gníomhaíocht a fágadh gan déanamh tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Sástacht Poist agus Rún chun Imeacht:** D'fhan leibhéil iomlána sástachta poist ard ag an dá phointe ama: 90% ag an mbunlíne agus tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ina theannta sin, thuairiscigh 77% den fhoireann go raibh siad sásta le bheith ina n-altra ag an mbunlíne, a mhéadaigh go 90.5% tar éis tabhairt isteach an Chreata. Tháinig méadú ar rún iomlán chun imeacht ó 55.2% ag an mbunlíne go 45.6% tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- **Ag moladh an IU:** Mholfadh níos mó ná 95% den fhoireann altranais an AD do chomhghleacaí ag an mbunlíne agus tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ina theannta sin, dúirt 100% den fhoireann altranais gur dócha nó go ndéanfadh siad cinnte an AD a mholadh do theaghlach nó do chairde ag an dá phointe ama.

- **Cloíteacht:** San IU, tháinig laghdú ar leibhéil ídithe mhothúchánach (i.e., leibhéil feabhsaithe) ar Fhardal Clóiteachta Maslach (Maslach *et al.*,1996)[19] ó mheán 1.75 ag an mbunlíne go 0.82 tar éis tabhairt isteach an Chreata. Tháinig laghdú freisin ar scóir iomlána do dhíphearsanú (scóir fheabhsaithe) ó 1.42 ag an mbunlíne go 0.38 tar éis tabhairt isteach an Chreata. Ar an iomlán, tuairiscíodh leibhéil níos airde Éachtaí

[18] Ag Tráth 2, is beag scóir athraithe a bhí ag an AD do thrí mhír ar an NWI: Rannpháirtíocht Altra i nGnóthaí Ospidéil, Cumas Bainisteoir Altraí, Ceannaireacht, agus Tacaíocht Altraí agus Caidreamh Coláisteach Altra-Dochtúir. Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh Am 1 agus Am 2 de shonraí trasghearrtha ón bhfoireann os cionn na luachanna lárphointe don NWI agus go raibh siad dearfach go leor sular tugadh isteach an Creat.

[19] Tá Pearsanra Míochaine Suirbhé Seirbhísí Daonna MBI (MBI-HSS MP) comhdhéanta de 22 mhír thar thrí fhoscála: cloíteacht mothúchánach; díphearsanú; éacht pearsanta. Tugann foscála an ídithe mhothúchánach aghaidh ar mhothúcháin a bheith thar a n-acmhainn go mothúchánach le hobair. Déanann foscála díphearsanta measúnú ar fhreagra neamhphearsanta ar fhaighteoirí cúraim agus tomhaiseann foscála gnóthachtála pearsanta mothúcháin cumais agus gaisce ina gcuid oibre. Déantar míreanna a thomhas ar scála 7 bpointe 0 go 6 (riamh = 0, go gach lá = 6). Léiríonn scóir arda in ídiú mothúchánach agus díphearsanú agus scóir ísle sa ghnóthachtáil phearsanta clóiteacht

Pearsanta san AD in Am 1 le laghdú beag in Am 2 (Am 1 = 5.02; Am 2 = 4.76).

- **Taithí na Foirne Altranais ar Fhoréigean agus Iompar Bagrach:** Ar an iomlán, roimh thabhairt isteach an Chreata, thuairiscigh 76.5% den fhoireann gur fhulaing siad ionsaí fisiciúil, 94.0% droch-chóireáil síceolaíoch/ó bhéal agus 97.8% coimhlint le hothair le trí mhí anuas. Tar éis tabhairt isteach an Chreata, tháinig laghdú an-bheag le 74.2% den fhoireann ag tuairisciú gur fhulaing siad ionsaí fisiceach, 93.3% den fhoireann a d'fhulaing droch-chóireáil shíceolaíoch/bhriathartha agus 94.7% den fhoireann ag tabhairt faoi choimhlint le hothair.

2.6.3 Bearta Torthaí Eagrúcháin

Ranna Éigeandála

NHpPP, Úsáid Ghníomhaireachta, Meascán Scileanna

- Agus sonraí don bhliain 2018 á n-úsáid mar bhunlíne, chinn an múnla um Uaireanta Altranais in aghaidh an Láithreachais Othair (NHpPP) go raibh gá le coigeartuithe ar fhoireann AC agus CCS ar na trí shuíomh RÉ chun cúram othar sábháilte agus éifeachtach a sholáthar bunaithe ar chatagóir triáiseála an othair. Earcaíodh an fhoireann riachtanach thar thréimhse sínte agus chuaigh na baill foirne nua a earcaíodh faoi thréimhse éigeantach ionduchtaithe agus oiriúnaithe don roinn.

- Ceanglaíodh ar fhoireann na Gníomhaireachta cúram a sholáthar san RÉ agus, go háirithe, d'othair a raibh a gcúram éigeandála críochnaithe agus a bhí ag fanacht le ligean isteach i mbarda[20] le linn na tréimhse sin; mar sin féin, tuairiscíonn an staidéar seo ar na hothair sin a raibh cúram RÉ ag teastáil orthu amháin agus ní áirítear leis na hothair sin a raibh an próiseas cúraim RÉ críochnaithe acu ach a bhí ag fanacht ar leaba.

- Mar thoradh ar chur chuige an NHpPP a thabhairt isteach, bhí laghdú ar an bhfoireann gníomhaireachta AC agus CCS a theastaigh tar éis cur chuige NHpPP a thabhairt isteach. Tríd is tríd, tháinig laghdú thart ar 19% ar úsáid gníomhaireachta sna RÉanna tar éis tabhairt isteach an Chreata.

- Tháinig laghdú 22% ar an meán ar chaiteachas iomlán gníomhaireachta ar fud na dtrí shuíomh RÉ.

- Baineadh úsáid as tabhairt isteach na múnla NHpPP chun a dheimhniú go raibh meascán scileanna AC 85%, 15% CCS i bhfeidhm.

Aonad Díobhálacha

NHpPP, Úsáid Ghníomhaireachta, Meascán Scileanna

- Mar gheall ar nádúr na léirithe, níor measadh go raibh an múnla NHpPP oiriúnach don AD ach measadh go raibh gá le coigeartú 2 CCS chun cabhrú le comhlíonadh na dtascanna neamhaltranais a raibh baill foirne laistigh den AD ag gabháil leo, mar shampla glanadh, ordú stoic agus bainistíocht dramhaíola, rud a chuir drochthionchar ar an am teagmhála dhíreach le hothair a bhí acu.

